DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR ☞ | Iomlán na Marcanna

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

**(240 marc)**

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | |

**Nóta**: ☞
Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis.

**ROINN I – CLUASTUISCINT**

| | CUID A | | CUID B | | CUID C | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceist | 1 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 |
| Marc | | | | | | |

☞

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| ROINN | CEIST | MARC |
| II | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| III | 4 | |
| | 5 | |
| | 6 | |
| IOMLÁN ☞ | | |
| CLUASTUISCINT ☞ | | |
| MÓRIOMLÁN ☞ | | |
| GRÁD ☞ | | |

Thall ⟶

**ROINN I – CLUASTUISCINT** **(40 marc)**

**N. B. Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá sin.**

## CUID A

Cloisfidh tú giota cainte ó bheirt daoine óga sa chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh **faoi dhó**.
Beidh sos tar éis gach giota a chloisfidh tú chun seans a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach giota cainte a fhreagairt. Éist go cúramach leis na giotaí cainte agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1** agus **2** thíos.

**1.** **An Chéad Chainteoir**

| **Ainm** | ***Treasa Ní Ruairc*** |
|---|---|
| Cad as do Threasa? | |
| Cén fáth a bhfuil sí san ospidéal? | |
| Cén spórt a imríonn sí? | |

**2.** **An Dara Cainteoir**

| **Ainm** | ***Traolach Ó Súilleabháin*** |
|---|---|
| Cá bhfuil Traolach ina chónaí anois? | |
| Cén áit a bhfuil a athair ag obair anois? | |
| Cén t-amhránaí is fearr leis? | |

**CUID B**

Cloisfidh tú fógra agus píosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach ceann díobh **faoi dhó**.
Éist go cúramach leo. Beidh sos tar éis gach ceann a chloisfidh tú chun seans a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach ceann acu a fhreagairt.


**1.** **Fógra**




**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? ☐

**(b)** Conas a bheidh an tráthnóna ar fud na tíre? ☐

(**a**) fuar

(**b**) fliuch

(**c**) grianmhar

(**d**) scamallach


**2.** **Píosa Nuachta**



**(a)**



**(b)**




**(c)**



**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? ☐

**(b)** Cad a bhuaigh Stiofán Ó Siochrú? ☐

(a) €100

(b) an chéad duais mar Eolaí Óg na Bliana

(c) rothar

(d) an chéad duais sa chomórtas fichille





Thall ⟶

## CUID C

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina **dhá** mhír an dara huair. Beidh sos tar éis gach míre díobh chun seans a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt.

**1.** **Comhrá a hAon**

***An Chéad Mhír***



**(a)** **(b)** **(c)** **(d)**

**(a)** Cá bhfaca Peadar Róise aréir?

***An Dara Mír***


**(b)** Cén **dá** uirlis cheoil a bhí le cloisteáil?

- (**a**) píb uilleann agus bosca ceoil
- (**b**) pianó agus giotár
- (**c**) drumaí agus pianó
- (**d**) fidil agus bodhrán

**2.** **Comhrá a Dó**

***An Chéad Mhír***






**(a)** **(b)** **(c)** **(d)**

**(a)** Cad a thug Sadhbh do Cholm?

***An Dara Mír***

**(b)** Cá bhfuil Colm anois?

- (**a**) ar scoil
- (**b**) ar an tsráid
- (**c**) sa bhaile
- (**d**) sa siopa

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT (120 marc)

**Freagair gach ceist. Scríobh na freagraí ar na ceisteanna sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.**

**CEIST 1.** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. **(30 marc)**

1 **Siopa Éadaigh**
Sladmhargadh ann inniu

2 **Uisce Salach**
Ná hólaigí é

3 **Rásaí Capall**
An Trá Bhán –
Dé hAoine

4 **Ranganna Gaeilge**
Gach Luan
sa leabharlann áitiúil

5 **Bialann na Mara**
Béilí blasta


6 **Carrchlós**
Spás do 1000 carr


7 **Taispeántas Eitleán**
11 Iúil 2012

8 **Pluiméir ar fáil**
Fón: 084760385

9 **Airgead Caillte**
€50 faighte


10 **Comórtas Rince**
Anocht: 8 p.m.
Óstán an Chaisleáin



























| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

| Don Scrúdaitheoir | |
|---|---|
| Iomlán reatha→ | |

Thall →

**CEIST 2.** Freagair do rogha **dhá** cheann de (**a**), (**b**), (**c**). **(30 marc)**

(**a**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Ionad Spórt an Chlocháin

## Imeachtaí san Ionad



**1. Campaí Samhraidh do Pháistí**

**Aoisghrúpa:** Idir 3-14 bliana d'aois
**Costas:** €80 in aghaidh na seachtaine

❖ **Gníomhaíochtaí**
- Snámh agus cluichí san uisce
- Sacar faoi dhíon
- Leadóg bhoird
- Ealaíona agus ceardaíocht



**2. Dianchúrsaí Snámha do Pháistí**
i rith shaoire na Cásca

**Beidh snámh agat tar éis seachtaine.**

**3. Cúrsaí Aclaíochta do Dhaoine Fásta**

**Costas**
**Bliain amháin**: €200; **6 mhí**: €150
**NÓ** €4 in aghaidh an lae
**Teagmháil:**
**Fón**: 091-38401.
**Ríomhphost**: eolas@ionadsportanchlochain.ie



**(i)** Cén costas atá ar na campaí samhraidh do pháistí?

______________________________________________

**(ii)** Cathain a bheidh na dianchúrsaí snámha do pháistí ar siúl?

______________________________________________

**(iii)** Cad atá ar fáil do dhaoine fásta in Ionad Spórt an Chlocháin?

______________________________________________

| Don Scrúdaitheoir Iomlán reatha→ | + | = | |
|---|---|---|---|

(**b**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**





# An Ceoláras Náisiúnta

Príomhionad an cheoil bheo in Éirinn
Na ceoltóirí agus na ceolfhoirne is fearr le cloisteáil ann
Os cionn 400 ceolchoirm ann gach bliain

**Ceol Beo**

- Ceol clasaiceach le cloisteáil ann
- Snagcheol le cloisteáil ann
- Ceol traidisiúnta le cloisteáil ann



**Ranganna Ceoil**

- Do pháistí idir 3 mhí agus 5 bliana d’aois
- Ranganna speisialta do leanaí atá san ospidéal



**Scoil Amhránaíochta**

- Do pháistí idir 8 mbliana agus 12 bhliain d’aois
- Do scoláirí iarbhunscoile
- Foghlaim conas amhráin a scríobh
- Foghlaim conas amhráin a thaifeadadh

**Tuilleadh eolais:**

**Fón**: 01- 417007 **Ríomhphost**: info@nch.ie **Brabhsáil**: www.nch.ie

**(i)** Luaigh ceann **amháin** de na sóirt cheoil bheo a bhíonn le cloisteáil sa Cheoláras Náisiúnta.

________________________________________

**(ii)** Cé dóibh na ranganna speisialta ceoil?

________________________________________

**(iii)** Cad atá le foghlaim sa scoil amhránaíochta?

________________________________________

**Thall** ⟶

(**c**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Timpeall an Chúinne

# Ollmhargadh Uí Mhurchú – Bun na Sráide

**Cabhraigh le do cheantar féin - Déan do shiopadóireacht anseo**



Cúntóirí cairdiúla ag obair anseo
Praghsanna ísle
Bia úr agus glasraí úra – díreach ó na feirmeacha áitiúla

**Gach Máirt** – glasraí agus torthaí ar leathphraghas
**Gach Déardaoin** – lacáiste 10% ar aon bhille €20 nó os a chionn

**Sábháil 15% ar na hearraí seo**:

Sáspain, Éadaí leapa,
Dlúthdhioscaí,
Plandaí, Lomairí féir,
Cathaoireacha agus táblaí.



Ríomhphost: eolas@t.chuinne.ie
Siopadóireacht ar líne: t.chuinne@bunnasraide.ie

**Siopadóireacht ar líne:**
Caith €50 euro nó os a chionn agus tabharfar na hearraí go dtí do dhoras saor in aisce.

(**i**) Conas is féidir leat cabhrú le do cheantar féin?

________________________________________

(**ii**) Cad a bhíonn le ceannach ar leathphraghas gach Máirt?

________________________________________

(**iii**) Cé mhéad atá le sábháil agat má cheannaíonn tú éadaí leapa sa siopa, Timpeall an Chúinne?

________________________________________

**CEIST 3.** Freagair (**a**) *agus* (**b**) anseo. **(60 marc)**

(**a**) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

# Beir Bua, a Ghiovanni Trapattoni




**1.** Is é Giovanni Trapattoni an bainisteoir ar fhoireann sacair na hÉireann. Rugadh é ar 17 Márta sa bhliain 1939 in Cusano Milanino san Iodáil. Bíonn Giovanni agus foireann sacair na hÉireann le feiceáil i ngach seomra teilifíse na laethanta seo mar tá siad ag imirt i gcomórtas sacair Euro 2012.

**2**. D'imir Giovanni Trapattoni sacar le AC Milan, Varese agus le foireann náisiúnta na hIodáile. Ina dhiaidh sin chaith sé tamall mar bhainisteoir le mórán clubanna. Bhí sé ina bhainisteoir, freisin, ar fhoireann na hIodáile. Ceapadh é mar bhainisteoir ar fhoireann na hÉireann i mí na Bealtaine, 2008.

**3.** Is í Manuela Spinelli an bhean a chabhraíonn le Giovanni Trapattoni nuair a bhíonn sé ag labhairt i mBéarla ag ócáidí poiblí. Tá Béarla agus Iodáilis aici. Ní raibh ach cúpla focal Béarla ag Trapattoní in 2008 ach tá feabhas tagtha ar a chuid Béarla ó shin. Ach mar sin féin bíonn Manuela ann i gcónaí chun cabhrú leis.

**4.** Bhí an mí-ádh ar Ghiovanni Trapattoni agus ar fhoireann na hÉireann nár éirigh leo dul chomh fada le Corn an Domhain in 2010. Is cuimhin linn go léir an lámh chúnta a thug Thierry Henry don Fhrainc sa chluiche sin in aghaidh na hÉireann i bPáras ar 18 Samhain 2009. Briseadh croíthe Éireannacha an oíche sin.

**5.** Ach níl ann ach cluiche agus tá dearmad déanta againn air sin anois. Cloisfear *Amhrán na bhFiann* ag Euro 2012 go ceann tamaillín eile an samhradh seo. Beir bua agus beannacht leat, a Ghiovanni Trapattoni.

**(i)** Cén fáth a mbíonn foireann na hÉireann le feiceáil i ngach seomra teilifíse na laethanta seo? (**Alt 1**)

______________________________

**(ii)** Cén post atá ag Giovanni Trapattoni anois? (**Alt 1** agus **Alt 2**)

______________________________

**(iii)** Cé a bhíonn ag cabhrú leis ag ócáidí poiblí? (**Alt 3**)

______________________________

**(iv)** Cén comórtas sacair a bhí ar siúl in 2010? (**Alt 4**)

______________________________

**(v)** Ainmnigh an t- amhrán a chloisfear ag Euro 2012 go ceann tamaillín eile an samhradh seo. (**Alt 5**)

______________________________

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | + | = | |
|---|---|---|---|




**Thall** ⟶

(**b**) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**



# Jedward



**1.** Is beag duine anois nár chuala trácht éigin ar Jedward. Tá súilaithne ag gach duine orthu mar tá an stíl ghruaige atá acu difriúil. Bíonn go leor daoine ag caint fúthu, fiú amháin polaiteoirí.

**2.** Bhí Jedward ar an gclár *X-Factor* ar feadh seacht seachtaine in 2009. Dúirt David Cameron, Príomh-Aire Shasana, gur bhain sé níos mó taitnimh astu ná a bhain sé as aon duine eile a bhí ar an gclár sin ag an am. Cheannaigh sé T-léine a raibh pictiúr de Jedward uirthi.

**3.** Is iad John agus Edward na hainmneacha atá orthu. Grimes is sloinne dóibh. Is cúpla iad. Tá John deich nóiméad níos sine ná Edward. Tá deartháir amháin acu. Tógadh i gContae Chill Dara iad.

**4.** Bhí suim acu sa phopcheol i gcónaí. Ghlac siad páirt i seónna tallainne ar scoil go minic. Bhí tionchar mór ag Justin Timberlake, Britney Spears agus The Backstreet Boys orthu ag an am. Ghlac siad páirt sa lúthchleasaíocht freisin agus ba bhaill iad de Lucan Harriers Athletic Club. Is maith leo sacar agus leanann siad Newcastle United agus Glasgow Celtic.

**5.** In 2011 chan siad an t-amhrán *Lipstick* ar son na hÉireann sa Chomórtas Eoraifíse. Níor bhuaigh siad an comórtas ach rinne siad go maith mar chríochnaigh siad san ochtú háit. Tá ag éirí go maith leo ó shin agus tá an-tóir orthu.

(i) Cén fáth a bhfuil súilaithne ag gach duine ar Jedward? (**Alt 1**)

________________________________________________

(ii) Cad a bhí ar an T-léine a cheannaigh David Cameron? (**Alt 2**)

________________________________________________

(iii) Cé acu duine den bheirt is sine? (**Alt 3**)

________________________________________________

(iv) Luaigh caitheamh aimsire **amháin eile** (taobh amuigh den phopcheol) a bhfuil suim acu ann. (**Alt 4**).

________________________________________________

(v) Cén ócáid a bhí ar siúl nuair a chan Jedward an t-amhrán *Lipstick* in 2011? (**Alt 5**)

________________________________________________

## ROINN III – SCRÍOBH NA TEANGA (80 marc)

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 4.** **(20 marc)**

Tá tú ag freastal ar Choláiste Gaeilge. Scríobh **cárta poist** chuig do chara.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:



- cá fhad atá tú ann anois
- an aimsir
- rud amháin faoi na ranganna
- an caitheamh aimsire is fearr leat ann
- cathain a fheicfidh tú do chara.


**Scríobh an freagra sa bhosca anseo thíos.**

| **CÁRTA POIST** | **Stampa** |
|---|---|
| | |

| Don Scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha→ | + | = | |
|---|---|---|---|

**CEIST 5.** **(20 marc)**

Is tusa Seán *nó* Nóra sna pictiúir thíos. Scríobh cuntas / blag faoi na rudaí a tharla sna **Pictiúir 1-3**.




| **Pictiúr 1** | **Pictiúr 2** | **Pictiúr 3** | **Pictiúr 4** |
|---|---|---|---|
| Fáilte | Seán agus Nóra i halla an tí | Eolas faoin lá sa teach | Cuntas/Blag |

Luaigh **sa chuntas / sa bhlag:**

- cén fáth a raibh tú ag an doras (**Pictiúr 1**)
- cad a tharla ansin (**Pictiúr 2**)
- cuntas ar na rudaí a rinne sibh ar an lá (**Pictiúr 3)**

**Cuntas / Blag**

**Tráthnóna a chaith mé le mo chara**

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | + | = | |
|---|---|---|---|

Téigh ar aghaidh go dtí an chéad cheist eile ar Leathanach 14

**CEIST 6.** Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt / Cuntas** anseo. **(40 marc)**

**Litir**

Tá post samhraidh faighte agat. Scríobh litir faoi chuig do dheartháir atá ina chónaí thar lear.




Luaigh na pointí seo sa **litir**:

- cá bhfuil tú ag obair
- conas a fuair tú an post
- cad a bhíonn le déanamh agat ann
- rud amháin a rinne tú leis an airgead

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch 15.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | + | = | |

**Ceist 6. (a)**

**LITIR**

**N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú, agus críoch oiriúnach**.

**Seoladh:**


**Dáta:**

**Beannú:**

**Críoch:**

(**b**) **Alt / Cuntas** (15 líne nó mar sin).

Is tusa Liam *nó* Úna, duine de na daoine óga atá sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch 17.**

**Ceist 6. (b)**

**ALT / CUNTAS**

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**